

Measúnú Riosca Covid-19 - Gaelscoil Bhaile Brigín

Gníomhaíochtaí Scoile	Leibhéal Riosca (I/M/A)	D'aithin an Scoil an Riosca seo a leanas	Tá na cleatchais seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an scoil chun dul i ngleic leis na rioscaí aitheanta
Teacht isteach ar maidin	Ard	Daoine ag teacht isteach gan bheith ag aireach maidir le scaradh sóisialta Daltaí nach bhfuil ag fanacht sna líntí Daltaí ag spraoi lena chéile Tuistí/caomhnóirí nach bhfuil ag fanacht i líntí Daltaí nach bhfuil ag ní a gcuid lámha ar theacht isteach dóibh Daltaí nach dtéann chuig a gcuid suíochán láithreach	- Ní bheidh cead ag tuistí/caomhnóirí Rang 3+ ar champas na scoile ar chor ar bith - Rang 2: is féidir leo iad a shiúil chomh fada leis an líne ach is gá dóibh fágáil láithreach - Rang NB-R.1/An Cuan is féidir le tuiste/caomhnóir amháin fanacht, agus iad scartha go sóisialta de réir na marcanna a bheidh ar an talamh. Ní féidir le tuismitheoir/caomhnóir a bhfuil aon siomptom COVIC-19 acu teacht isteach ar champas na scoile. - NB – Clíodhna i líne sa ghnáth áit - beidh marc ar an talamh le tús a chur leis an líne (do gach rang). - NB – Gráinne – beidh siad i líne ós chomhair na bhfuinneog in aice leis an bhféar. - NM: Rang Lára: i líne taobh le háit na rothar,. Rang Neasa: líne taobh amuigh de fuinneoga na naí mór. beidh marcanna do thuistí le scarúint go sóisialta (lára ós chomhair na bhfuinneog, Neasa - os chomhair na

			scoile). Tiocfaidh an dá rang isteach an príomhdhoras. • Rang 1: Beidh an dá rang i líntí an áit go mbíodh na hardranganna ag teacht isteach. Beidh marcanna ann dona tuistí le scarúint go sóisialta. Beidh Rang Ciara ar dheis ag féachaint ar an doras agus beidh Rang Maria ag chlé. Tuistí rang Ciara ós chomhair na bhfuinneog, Rang Maria gar don bhalla. • Rang 2: Beidh an dá rang i líntí ar an quad (Rang Chiara in aice an gheata, Rang Emma in aice an fhéir). Baileoidh na mtrí iad ón Quad agus siúlfar iad amach an geata taobh leis an Quad, suas an cnoc agus isteach príomhdhoras na scoile. Rachaidh siad isteach thar ranganna na NM agus Rang 1. Seachnóidh sé seo na ranganna a bheidh ag teacht isteach na cúldóirsí • Rang 3: Beidh an dá rang i línte sa chlós taobh leis an Quad. Beidh siad i líntí ar fhad an chlóis. Beidh Rang Chillín taobh leis an geata agus Rang Shinéad ag an taobh eile. Baileoidh na mtrí ón gclós iad, siúlfar suas an cnoc iad agus rachaidh siad isteach agus suas an staighre - Rang Chillín ar dtús, ansin Rang Shinéad.
--	--	--	--

			Fanfaidh rang amháin go dtí go bhfuil an rang eile imithe isteach. • Rang 4: Beidh Rang Aoife i líne sa chlós le rang 3, i lár an chlóis. Siúlfar suas iad agus rachaidh siad isteach an taobhdhoras. Rang Laura, beidh siad i líne sa chlós sa lár. Déanfar amhlaidh le Rang Aoife. Rachaidh an dá Rang 4 taobh leis an halla (ár taobh) chun go mbeidh siad scartha ó Rang 3. Fanfaidh Rang Laura go dtí go bhfuil an 3 rang sa chéad chlós imithe. Beidh siad in aice an gheata. • Rang 5: Beidh Rang Dearbhla sa chlós sa lár ag taobh eile den chlós. Beidh Rang Maria ag an taobh eile den chlós deireannach. Baileoidh na mtrí iad Siúlfar suas iad agus déanfar amhlaidh le Rang 4. • Rang 6: Beidh Rang Dheirdre sa chlós sa lár, i lár an chlóis. Beidh Rang Eoin in aice an gheata sa chlós deireannach. - baileoidh na mtrí iad ón gclós. Siúlfar suas an cnoc iad agus rachaidh siad isteach an cúldhoras. • Is gá do mhúinteoirí a chinntiú go bhfuil an rang-ghrúpa scartha ó na ranganna eile. • Ní bheidh cead ag páistí bailiú taobh
--	--	--	---

			istigh má tá sé báisteach. • Páistí foirne: beidh orthu fanacht taobh amuigh de sheomra an tuismitheora go dtí go bhfuil sé in am dul isteach sa líne • Aithnítear anseo go gcuirfidh sé seo leis an méid ama a thógfaidh sé ar dhaoine teacht isteach sna ranganna. Beidh ar an múinteoir a bheith ag an líne ag 8.50 agus go dtosóidh gach rang ag bogadh. Tá siad leagtha amach san ord a laghdóidh an méid is mó fanacht thart is gur féidir. • Beidh ar dhaltaí atá déanach teacht isteach an príomhdhoras agus síniú isteach mar is gnáth. Beidh ar dhaltaí R3+ scarúint go sóisialta má tá níos mó ná duine amháin ag teacht isteach déanach. Beidh ar dhaltaí NB-Rang 2 a bheith sínithe isteach ag tuistí, a bheidh scarúint sóisialta 2 mhéadar le déanamha acu. • Páistí le sainriachtanais speisialta – is féidir le tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá siad i ranganna níos sinne agus má bhraitear gur gá do thuismitheoir bheith ag an Quad chun iad a bhailiú • Níl cead ag daoine a bheith ar
--	--	--	--

			thalamh na scoile roimh 8.45. Is gá cloí leis seo. Tabhair faoi deara, níor cheart d'aon dalta nach bhfuil tuiste leo bheith ar thalamh na scoile roimh 8.50 • Ní féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí fanacht ar thalamh na scoile i ndiaidh dona ranganna a bheith bailithe. Is gá dóibh fágáil láithreach. • Is gá do thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go bhfuil scaradh sóisialta i bhfeidhm.
Ag fágáil na scoile ag deireadh an lae	Ard	Tuistí/caomhnóirí nach bhfuil ag cloí le scaradh sóisialta Daoine ag bailiú déanach	• Beidh ar thuistí scaradh sóisialta a dhéanamh ar na doirsí a bhfuil cead acu dul chucu. • Beidh NB Ghráinne ag dul amach an cúl dhoras • Beidh NB Chlíodhna agus NM Lára ag dul amach an príomhdhoras. Rachaidh Rang Chlíodhna ar dtús (amuigh agus reidh ag 1.25), scaoilfear leis na páistí, agus ansin rang Lára. Tuistí Rang Chlíodhna le carnú ós chomhair na n-oifigí, tuistí Lára sa líne taobh amuigh dá fuinneog. Beidh siad in ann bogadh suas duine ar dhuine más gá.

			• NM Neasa, an taobh dhoras. Beidh tuistí • Rang 1- an príomhdhoras (beidh na páistí seo á bhailiú, beidh spás ansin chun go mbeidh na tuistí in ann scarúint go soisialta. Rang Maria ar dtús (díreach roimh 2.30), tuistí le carnú taobh amuigh dena hoifigí, Rang Chiara, taobh amuigh d'fhuinneog Rang Lára. • Rang 2: Gnáth dhoras. Rang Chiara ar dtús (díreach roimh 2.30), ansin rang Emma, tuistí le húsáid a bhaint as na marcanna atá ann don scaradh sóisialta. Beidh ar Rang Emma fanacht go dtí go bhfuil Rang Chiara scaoilte. Siúlfaidh siad síos an cnoc taobh leis an halla. Beidh ar thuistí/chaomhnóirí fanacht ar an bhféar agus na Quad, scartha go soisialta. • Rang 3: Sinéad: Gnáth dhoras. Rang Shinéad ar dtús (2.28). Beidh ar Rang Chillín fanacht i line taobh amuigh dá rang féin ar feadh cúpla nmd (2.30). Beidh na ranganna díreach á scaoileadh amach. Ní bheidh tuismitheoirí ar thalamh na scoile, mar sin scaoilfear leis an rang díreach amach. Siúlfaidh siad síos an cnoc taobh le Wavin
--	--	--	--

			• Rang 4 &5: Taobh dhoras - Rang Laura ar dtús, ansin rang Aoife, ansin Maria agus ansin Dearbhla. Beidh scaradh na ranganna le cinntiú, mar sin, is gá scaoileadh le rang amháin ar dtús, roimh an gcéad cheann eile. Beidh siad le siúl amach taobh leis an halla. • Rang 6: Beidh siad le fanacht go dtí go bhfuil rang 3 scaoilte ansin Seomra 25 ag dul síos ar dtús agus ansin rang Dheirdre. Is gá arís dona mtrí fanacht go dtí go bhfuil an rang ós a gcomhair imithe amach. Rachaidh siad amach an príomhdhoras agus timpeall ar ranganna na NB agus síos an cnoc taobh le Wavin. • Ní bheidh tuistí/caomhnóirí Rang 3-6 ar thalamh na scoile. • Níl cead ag níos mó ná duine fásta amháin a bheith ar láthair na scoile ag bailiú daltaí. • Is gá do dhaoine a bheith in am.
Daltaí/baill foirne le comharthaí Covid	High		• Soláthar a dhéanamh do tacaíochtaí cianfhoghlama do dhaltaí, más cuí. • • Tuistí/baill foirne a chur ar an eolas maidir le treoirlínte an FSS

			* treoirlínte do bhaill foirne/daltaí a léiríonn comharthaí COVID-19 * Seomra aonraithe aimsithe * Tá dualgas ar gach ball foirne comharthaí COVID a aithint * má tá comharthaí ar éinne, tabharfaidh an ball foirne aitheanta an dalta chuig an seomra aonraithe. Is gá don duine aitheanta fanacht 2 mhéadar ón duine le comharthaí agus an PPE cuí a chaitheamh. Más ball foirne atá ann, is gá dóibh dul abhaile láithreach (munar féidir leo dul abhaile, is gá dóibh dul go dtí an seomra aonraithe go dtí go mbailítear iad) * Tabharfaidh an múinteoir ranga mask don dalta. Más ball foirne atá ann, cuirfidh siad a masc féin orthu. Cuirfear in iúl dóibh gur cheart an masc a chaitheamh go dtí gob hfuil siad sa bhaile. * Déafar leis an duine gan lámh a leagan ar aon dhromchlaí * Is gá don mhúinteoir ranga an Príomhoide/rúnaí a chur ar an eolas le go ndéanfaidh siad teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí * Ar aon chúis, níl aon chead ag aon bhall foirne éinne le comharthaí a thabhairt abhaile * Beidh ciarsúir ar fáil sna seomraí ranga agus sa seomra aonraithe
--	--	--	---

			* Glanfar an seomra sular féidir é a úsáid arís. Is gá don duine an PPE a chaitheamh agus an bruscar a chur i ndá mhála
Glantachán	Ard	go bhféadfaí an víreas a scaipeadh ceal glantacháin chuí. Líon na ndaoine ag cur lámh ar dromchlaí comónta	• Beidh méadú ar líon na n-uaireanta glanadh a bheidh ann. • Beidh 3 ghlantóir ag obair. Beidh 2 i mbun an ghnáthglantacháin agus beidh an 3 ghlantóir fostaithe chun díoghlará a dhéanamh ar na boird/cathaoireacha, doirsí go laethúil. Beidh “fogging machine” in úsáid • Beidh bréagáin/fearas atá in úsáid le glanadh uair sa tseachtain. - Aistear: beidh na páistí sa pod céanna agus beidh orthú bheith ag an stáisiún céanna don seachtain. Ba cheart na bréagáin atá in úsáid a bheith i mbosca glan (le clúdach más féidir). - Ranganna eile: Beidh rothlú ann le pé fearas atá le glanadh msh Rang na nB & Rang 3 lá amháin, NM & Rang 4 lá eile srl. Beidh an fearas Chorp

			Oideachais dé hAoine. * éinne le fearas in úsáid ar an bhfoireann tacaíochta le seo a chur in iúl - Déanfar an Cuan go laethúil • Beidh na dromchlaí a leagtar lámh orthu ar fad á dhéanamh go laethúil - bascráin na ndóirsí, leithris, doirtíl, ráillí na staighrí • Má tá aon bhréagáin briste, is gá don mhúinteoir ranga iad a bhaint amach agus fáil réidh leo. • Má tá bréagáin nua á cheannach, is gá a chinntiú ar dtús go bhfuil siad éasca le glanadh. • Tá dualgas ar bhaill foirne a gcuid ionad oibre féin a ghlanadh ag tús agus deireadh gach lae, do bhord, méarchlár an ríomhaire, cnaipí an chláir bháin. Beidh díghalrán agus ceirteanna fágtha i ngach seomra. Fágfar ceirteanna nua sa seomra ranga gach Aoine. Is gá don mhúinteoir na cinn shalacha a chur i gciseán i seomra stórais na nglantóirí go laethúil. • iPads: beidh siad le glanadh ag daltaí le ciarsúr aon-uaire roimh agus tar éis iad a úsáid. Beidh siad
--	--	--	---

			seo ar fáil sa seomra ranga. Tá dualgas ar an múinteoir a chur in iúl don oifig má tá siad ídithe amach. • Leabharlann: má thógann páiste leabhar amach , go mbeidh áit shonrach sa seomra ranga msh leic na fuinneoige go bhfágfar ann iad nuair atá siad á thabhairt ar ais agus ansin gach Aoine go gcuirtear iad isteach sa leabharlann arís don chéad seachtain eile,] • Beidh taifead laethúil déanta den ghlantachán. • Má leagann ball foirne fearas pearsanta (msh fón, ríomhaire glúine, mála srl) ar dhromchlaí comónta, tá dualgas ar an mball foirne é an fearas agus an dromchlaí a ghlanadh.
Cúrsaí Clóis	Ard	Daoine ó mheithil nó ó neadacha éagsúla ag meascadh Gan a bheith ag scarúint go sóisialta	• De réir na treoirlínte tá na páistí le fanacht ina gcuid meithil don lá ar fad agus gan a bheith ag meascadh le meithil eile. • NB: Beidh siad ag spraoi taobh le háit na rothar. Beidh líne i lár an “chlóis” agus beidh ar na páistí fanacht de réir ranga. Rachaidh siad isteach agus amach an

			príomhdhoras. • NM: Beidh siad i ngnáth chlós na naíonán. Rachaidh siad amach an príomhdhoras (roimh na NB) agus ar an ngnáthshlí. Siúlfaidh an múinteoir amach iad. Beidh líne i lár an chlóis agus beidh ar na páistí fanacht de réir ranga • Rang 1: Línítí mar a dhéanann siad go hiondúil, amach an ngnáth doras agus go dtí an clós sa lár. Beidh líne i lár an chlóis agus beidh ar na páistí fanacht de réir ranga • Rang 2: Línítí mar a dhéanann siad go hiondúil agus amach an ngnáthdoras go dtí an clós ag an deireadh. Beidh líne i lár an chlóis agus beidh ar na páistí fanacht de réir ranga • Rang 3: Mar a dhéanann siad go hiondúil ach go bhfanfaidh siad i gclós Rang $\frac{3}{4}$ leo féin, le líne eatarthú. • Rang 4: Má théann siad amach an taobh doras agus chuig an clós “peile” agus go rachaidh siad thar Bracken mar a dhéanann na Naí. Múinteoir idir an dá chlós seo mar a bhíonn go hiondúil. • Rang 5: I gclós Rang $\frac{5}{6}$ leo féin leis an gclós roinnte idir an dá rang.
--	--	--	--

			• Rang 6: Rothlú: Quad ag dream amháin agus an féar ós chomhair an halla ag an rang eile. Gnáth feitheoireacht ansin. Ar laethanta go bhfuil an féar fliúch gur féidir leo dul sa halla. Beidh múinteoir fós ar dhualgas sa halla. • An Cuan: Bíonn An Cuan Sinsearach go hiondúil lena gcuid clóis féin agus beidh laghdú ar líon na ndaoine sna clóis sin. Beidh 4 as an 6 sa Chuan sóisearach ina gcuid clóis féin go príomha. An bheirt eile, má tá sé indéanta go mbeadh siad ina gcuid clóis féin (beidh níos lú ar na clóis seo) nó an gairdín nó an halla • Ag filleadh ón gclós - beidh NB istigh ar dtús an-tapa ag an bpríomhdhoras, NM: isteach an príomhdhoras. Tiocfaidh rang 1 suas an “siúltán” taobh le Wavin, suas an cnoc agus isteach an príomhdhoras, bheadh siad thuas roimh na NM. Má thagann Rang 3& 4 suas thar Bracken agus isteach an taobh doras. Rang 5& 6 - Rang 6 i líntí ar an Quad agus ar an siúltán taobh leis Quad agus suas agus isteach - Rang 6 ar dtús, ansin Rang 5 - ag úsáid an dórais ag bun an staighre. Rang 2 isteach an doras eile. Beidh ar
--	--	--	--

			mhúinteoirí an chlóis a chinntiú go bhfuil na ranganna ag fanacht scartha óna chéile. • Róta Clóis: Roinnfear an fhoireann i ngrúpaí agus fanfar sna grúpaí sin do róta clóis. Beidh mtrí an rang leibhéal móide mtrí tacaíochta/An Cuan/Clodagh ag clós ar leith. Msh an 3 mhtr NB & Clodagh sa rothlú dona NB, Mtrí Rang 3&4 sa rothlú don chlós sin srl. • Ní bheidh Rang 6 in ann bheith ag cabhrú leis na ranganna níos óige • Rachaidh na daltaí díreach ar ais chuig a gcuid ranganna théis an chlóis. Ní bheidh fanacht ag na doirsí i gceist. • Beidh ar na daltaí ar fad dul chuig an leithreas roimh dhul amach. Ní bheidh aon leithreas ag am sosa. I gcás práinn ag am lóin, is féidir go n-iarrfaí ar CRS naíonán a thabhairt chuig an leithreas.
Seomra Foirne	Meán	méid an tseomra nach mbeidh daoine ag cloí le scaradh sóisialta ag roinnt sceanra/miasanna	• Chun gur féidir linn cloí leis na treoirlínte beidh laghdú le déanamh ar dhaoine ag bailiú le chéile an oiread is gur féidir. • Ba cheart do dhaoine a gcuid cupáin/buidéil athúsáidte a úsáid an

		ag feitheamh ar an micro-oigheann/miasniteoir	oiread is gur féidir. • Ba cheart, an oiread is gur féidir, do dhaoine a gcuid miasanna agus sceanra féin agus go dtabharfaí abhaile iad le niochán. M.sh lón a bheith i mbosca lóin gur féidir a chur sa mhicro-oigheann srl. • Tá leagan amach an tseomra foirne leasaithe chun riachtanais an scaradh sóisialta a thabhairt san áireamh, fad is go bhfuil aitheantas á thabhairt do thábhacht chaidreamh daonna i measc na foirne. • Tá aon troscán nach bhfuil riachtanach bainte amach chun breis spáis a chur ar fáil. Na mtrí tacaíochta a bhíonn ag obair ó sin nó ag stóráil fearais ann, beidh áit ar leith agat chun do chuid stuif a choinneáil sna seilfeanna ag bun an tseomra. Ní féidir aon rud a choinneáil ar na cuntair mar go mbeidh dianghlánadh air siúl orthu go laethúil agus ní féidir sin a dhéanamh má tá earraí orthu. • Beidh ar an bhfoireann a gcuid lámha a niochán sna seomraí ranga roimh theacht isteach sa SF. Beidh gallúnach láimhe crochta taobh amuigh den SF. • Ba cheart na doirsí agus na
--	--	---	---

			fuinneoga a choinneáil ar oscailt an oiread is gur féidir. • Beidh fearas glantóireachta fágtha ar úsána boird, má leagann tú do chuid earraí féin (m.sh fón) ar an mbord, is gá é a ghlanadh (sin sna treoirlínte).
Fearas	Ard/Meán	Baol an víreas a scaipeadh idir mheithle agus neadacha	• Nach mbeadh fearas á roinnt idir na ranganna, go háirithe muna bhfuil sé glanta i gceart (féach rannóg an ghlantacháin). • Fearas Mata ón gcúinne mata- beidh ar an bhfearas seo a bheith dáihte ar na ranganna • Más gá dúinn breis fearas a cheannach chun tionchar seo a mhaolú, is féidir sin a dhéanamh. • Fearas Clóis: nach mbeadh sé sin ann fad le linn tréimshe COVID • Beidh an Fearas Aistear sa seomra stórais á roinnt ar na seomraí nó a choinneáil sa bhothán taobh amuigh. • Beidh glantachán seachtainiúil ar siul ar an bhfearas ranga. Beidh laethanta ar leith ann do ranganna ar leith. Beidh ar an múinteoir an fearas atá le glanadh an tseachtain sin a leagan amach dona glantóirí.

Corp Oideachais/Halla	Ard	Baol an víreas a scaipeadh idir mheithle Fearas á roinnt Coitseálaithe ag teacht isteach	• Glanfar na leithris agus na háiteanna a leagtar lámha orthu go laethúil • Is gá do dhaltaí agus múinteoirí a gcuid lámha a ghlanadh roimh rang CO. • Leagfar amach an róta agus an pleanáil chun laghdú a dhéanamh ar úsáid an fhearais ar bhonn comónta m.sh NB 9.00-9.45 maidin Luain agus Déardaoin, NM 9.45-10.30 – Maidin Luain agus Déardaoin. • Beidh an fearas céanna in úsáid ag an dá rang NB amháin. Beidh 3 lá idir an fearas a bheith in úsáid agus glanfar é de hAoine. Déanfar amhlaidh le gach rang leibhéal. • Rachaidh tú isteach sa halla ón doras chun tosaigh agus fágfaidh tú é ag doras éalaithe ag cúl an halla. Rachaidh tú chuig an halla síos an staighre agus ar ais chuig an scoil suas an siúltán. • Go ndéanfaí CO taobh amuigh an oiread is gur féidir • CLG: fanfar ar threoir ón gCLG maidir le coitseálaithe ag teacht isteach. • Damhsa: ní bheidh damhsa ar siúl le linn an tréimshe COVID • Club na Naí: gur féidir leis dul ar aghaidh ach le huasmhéid. Beidh an
-----------------------	-----	--	--

			halla rangnaithe ina 4 chuid agus beidh ar dhaltaí fanacht leis na daoine óna gcuid ranganna féin. Ní bheidh CNN in ann bheith ar siul sna ranganna. • Clubanna iar-scoile: ní bheidh siad ar siul i Meán Fomhair. Déanfar cinneadh maidir leo nuair atá an scoil ath-thosaithe. • Cór: Bheadh scarúint sóisialta de dhíth chun a leithead a dhéanamh toisc an baol mhéadaithe - cinneadh le déanamh maidir leis seo • Foirní Spóirt: ag feitheamh ar threoir ón gCLG.
Leagan amach na Seomraí/Scaradh Sóisialta:	Meán	nach mbeidh go leor spáis le scarúint sóisialta a chur i bhfeidhm.	• Tá orainn an oiread úsáide a bhaint as gach orlach spáis sa seomra ranga is gur féidir chun áisiú a dhéanamh ar scaradh sóisialta • Tá bothán á fháil agus cuirfear gach pósa troscáin nach bhfuil riachtanach amuigh ann, ag áireamh seilf, boird bhreise srl. • Crochfar seilfeanna ag bun na seomraí taobh amuigh de na leithris. • Beidh cuid d'fhearas an mhúinteora le cur anseo, seachas sna cófraí. • Tá bosca stórála an dalta á cheannach ag an scoil agus rachaidh leabhair srl na bpáistí isteach iontú.

			Beidh lipéid le cur ar bhosca le hainm an dalta. Beidh na boscaí seo le stóráil ar sheilf/ 2 sheilf sna cófraí. Ba cheart iad a bheith stóráilte de réir nead. Sáróidh sé seo an gá le bheith ag roinnt amach leabhar srl. Rachaidh pinn/márta/cás pheann luaidhe/scuab peintna naí isteach anseo freisin. Níor cheart go mbeadh daoine ag baint úsáide as boscaí daoine eile. • Beidh na boird thuas staighre leagtha amach de réir na treoirlínte atá leagtha amach ag an Roinn. Is féidir breathnú orthu anseo : file:///C:/Users/c/AppData/Local/Templates/82023_7612d390-4a73-4afb-ba06-5d1c41bd5a0a.pdf • Beidh doirsí na ranganna le coinneáil ar oscailt an t-am ar fad agus, nuair is féidir, na fuinneoga a bheith oscailte. (seachas an Cuan Sóisearach i gconaí agus An Cuan Sinsearach nuair is gá) Cabhróidh sé seo le haeráil. • Thíos staighre is féidir an gnáthchóras de bhoird a úsáid, ach go bhfanfaidh an bord mar nead, fanfaidh siad le chéile do níos lán, Aistear, obair ghrúpa srl. Ní gá go mbeidh na páistí i nead a bheith
--	--	--	---

			scartha óna chéile. Ba cheart go ndéanfaí gach iarracht, áfach, na neadacha sna seomraí a bheith méadar óna chéile, más féidir. • Beidh bord an mhúinteora ar a laghad méadar ó bhord na bpáistí. Beidh Perspex timpeall ar bhoird na mtrí. Beidh oscailt ag an íochtar. • Sna ranganna thuas staighre, beidh na boird scartha agus beidh 2 ag gach bord, ag deireadh na mbord. Is féidir iad a rangú (2 nó 3 bhord le chéile mar nead). Agus ba cheart gach iarracht go bhfanfaidh an nead le chéile mar ghrúpa (le méadar eatarthu an oiread is gur féidir). Ciallaíonn sé seo go mbeidh siad ag fanacht le chéile do ghrúpaí oibre/leitheoireachta, ag bogadh ó áit amháin sa scoil go dtí áit eile, sna líntí srl. • Is gá ceantar na ndoirteal a choinneáil saor ó earraí - beidh dianghlánadh ar siul air seo go laethúil agus ní féidir sin a dhéanamh má tá earraí air. • Is gá a choinneáil san intinn áfach gur páistí iad agus níl ach méid áirithe spáis againn freisin.
--	--	--	--

Níochán Láimhe	Ard	nach mbeidh lámha á ní a dhothain nach mbeidh siad a ní i gceart	• Beidh gallúnach láimhe ar chrocadh ag an bhFáiltiú agus ag bun an dá staighre, chomh maith le ag doras gach ranga/Seomra Foirne. Ní beidh na daltaí ag úsáid é seo ar an mbealach isteach • Beidh ar na páistí a gcuid lámh a níochán nuair a thagann siad isteach - tá 2 dhoirteal i ngach leithreas sa seomra. Beidh nead amháin ag an am in ann iad seo a úsáid. Beidh gallúnach agus tuáillí glasa crochta ag an dá dhoirteal ag an bun an tseomra. Beidh nead amháin in ann ceann amháin a úsáid ag an am • Beidh lámha na bpáistí le níochán ar theacht isteach dóibh ar maidin agus théis an dá shos, tar éis dul chuig an leithreas agus má bhíonn siad ag casacht agus roimh ithe nó pé uair atá siad salach. • Moltar dóibh a gcuid lámha a níochán le gallúnach agus uisce bog an oiread is gur féidir seachas bheith ag úsáid gallúnach lámh. • Cuirfear in iúl do thuistí /chaomhnóirí tábhacht níochán lámha a dhéanamh roimh fhágáil an tí. • Is gá don fhoireann ar fad a gcuid lámha a níochán le huisce agus gallúnach nuair a thagann siad
------------------------------	-------------------	---	--

			isteach ar maidin, roimh ithe, tar éis an leithris a úsáid nó má tá siad salach. Beidh Gallúnach láimhe taobh amuigh de gach seomra ranga. Má tá ort dul isteach i seomra dhuine eile, is gá é a úsáid. Beidh sé ar na bealaí isteach chomh maith le húsáid. • Tá dualgas ar leith ar gach ball foirne a bheith ag cur tábhacht glanadh láimhe chun cinn de shíor. • Beidh ar mhúinteoirí ceachtanna níos lú lámh a dhéanamh leis na daltaí, chomh maith le dea-chleachtas maidir le sláinteachas a chur chun cinn. • Beidh postaeir maidir le níos lú lámhe crochta
Fógraíocht	iseal	nach leanfaidh daoine na treoracha maidir le scaradh sóisialta agus níos lú lámhe.	• Beidh marcanna curtha ar an talamh taobh amuigh in aon áit go mbeadh daoine fásta ag bailiú ag pointí 2 mhéadar. • Beidh fógraí in airde timpeall na scoile maidir le comharthaí COVID-19 agus maidir le dea-chleachtas sláinteachais agus níos lú lámhe. Tá siad seo á eisiúint ag an ROS. • Beidh marcanna ar na pasáistí chun scaradh sóisialta méadar a áisiú i measc

			na ndaltaí
Leithris Foirne	Meán		Bainfidh an fhoireann úsáid as leithris ar leith chun baol scaipthe a laghdú. Féach treoirlínte na foirne
Cuairteoirí	Ard	Scaipeadh an víris	- Is gá do gach bhall foirne siniú isteach AGUS amach gach lá. Tá sé ann ar mhaithe le cabhrú leis an lorg teagmhálaithe. Tá deimhniú laethúil mar chuid de seo ag tabhairt le fios nach bhfuil aon chomharthaí COVID ort. - Beidh Foirm Fhilleadh ar Obair le líonadh isteach ag gach duine dé hAoine 28/8/20. Scaipeadh dréacht de seo ar gach duine roimh an mbriseadh. Ní féidir an fhoirm seo a líonadh níos luaithe nó níos déanaí ná an 28/8/20. - Ní bheidh cead isteach ag aon duine neamh-riachtanach (éinne nach ball foirne nó dalta scoile iad) gan coinne réamhshocraithe. - Is gá do gach cuairteoir masc a chaitheamh i gconaí taobh istigh den scoil agus nuair nach féidir scaradh sóisialta taobh amuigh a chinntiú - Beidh ar éinne a thagann isteach sa scoil foirm ar leith a líonadh ag tabhairt le fios cé hiad féin, cé lena

			bhfuil siad ag castáil agus cén fhad a raibh siad san áit, chomh maith le sonraí teagmhálaithe. Ní bheidh cead ag tuismitheoirí/caomhnóirí isteach sa scoil gan coinne a bheith socraithe. • Má shocraítear cruinniú le tuismitheoir/caomhnóir, is gá scaradh sóisialta 2m a chur i bhfeidhm. • Cuirfear na boscaí atá crochta taobh istigh dena doirsí ranga (le haghaidh nuachtlitreacha/nótaí srl) ar chrochadh taobh amuigh den rang. Cuirfear NL nó aon nótaí eile isteach anseo seachas daoine a bheith ag teacht isteach sna ranganna. Is gá é a fhollamhú go laethúil. • Má théann ball foirne isteach i seomra, is gá an gallúnach láimhe a úsáid roimhré. Beidh leathanach ar an doras le do chuid cinnlitreacha a chur air agus dáta agus am. • Moltar aon chruinniú nach bhfuil riachtanach a dhéanamh go leictreonach • B'fhearr go mbainfí úsáid as fón/rphost an oiread is gur féidir mar mhodh cumarsáide • Is gá do chuairoteoirí protocail shláinteachais na scoile a leanúint • Moltar do chuairoteoirí a gcuid
--	--	--	---

			cuaireanna a choinneáil chomh gar is gur féidir
Úsáid PPE			• Beidh visors ar fáil do gach ball foirne. Tá siad seo le húsáid má tá cúram céad chabhair/dlúth churam le déanamh. Má úsáidtear é, is gá duit é a ghlanadh ina dhiaidh. Má tá tú ar an gclós sa halla, is gá duit do cheann féin a thabhairt leat. Bheadh sé seo le húsáid ach go háirithe sa chomhthéacs go bhfuil teagmháil gar sínte ann. Ní féidir iad seo a roinnt le daoine eile nó a thógáil abhaile. • Beidh bosca PPE i ngach seomra ranga le láimhíní, náprúin agus meaisc. Má tá siad ag íde amach, tá dualgas ort sin a chur in iúl chun gur féidir breis a chur ar fáil duit. • Tugann treoir an rialtais le fios nach bhfuil sé molta go gcaitear láimhíní ar bhonn leanúnach mar go mbeadh sé seo díreach ag scaipeadh aon rud a bheadh ann. Tá an bhéim ar lámha a níochán go rialta ina áit. Is gá iad a chaitheamh nuair atá céad chabhair nó dlúthchúram á dhéanamh. Má tá láimhíní in úsáid, is gá do lámha a níochán roimh iad a chur ort agus i ndiaidh iad a bhaint.

			• Is gá náprúin a chaitheamh má tá dlúthchúram/céad chabhair á thabhairt. • Beidh meaisc/visor ar fáil le caitheamh munar féidir scaradh sóisialta 2 mheadar a chinntiú. Tá fáilte roimh bhaill foirne a gcuid meaisc féin a chaitheamh. • Tugann treoir na roinne le fios nach mbeidh daltaí ag caitheamh meaisc, ach má theastaíonn ó aon dalta ceann a chaitheamh, is féidir leo. • Má bhaineann tú úsáid as PPE aon-uaire msh láimhíní, measc, is gá fáil reidh leo sa chur chuige ceart – (postaer sa SF). •
Dlúthchúram le páisti le riachtanais bhreise	Meán	Go scaipfí an víreas tríd curam a thabhairt gan PPE oiriúnach a chaitheamh	• Beidh boscaí leis an PPE cuí ag an gCuan • Tá an polasaí dhlúthchúram i bhfeidhm • Is gá d'aon bhall foirne an PPE cuí a chaitheamh agus dlúthchúram á thabhairt • Is gá lámha a ní roimh agus tar éis • Is gá fáil réidh leis an PPE sa chaoi ceart (féach postaeir)
Foireann ag bailiú in áiteanna	Ard	Ag bailiú ag an inneall fótóchoipeála , ag na hoifigí, sa SF ar maidin/théis am scoile	* is gá an t-ineall a ghlanadh le ciasúr aon-uaire i ndiaidh duit é úsáid, chomh maith le do lámha a ghlanadh roimh agus i ndiaidh duit é a úsáid • Gan scuaine a dhéanamh ag an inneall • Níl cead ag éinne isteach in ifig Aisling. Is gá scéal a chur chuici má tá aon rud de dhíth agus cuirfidh sí ar fáil duit é.

Cruinnithe Foirne	Ard	Bailiúchán foirne ar feadh tréimhse ama fada	Déanfar giotaí dena cruinnithe foirne ar Zoom agus giotaí sna grúpaí oibre a bheidh socraithe agus déanfar aon chruinniu a bhfuil gach duine de dhíth a bheith le chéile sa halla
Céad chabhair/aire do pháiste atá gortaithe	Ard	beidh ar bhall foirne bheith níos giorra ná 2 mhéadar	- Beidh boscaí leis an PPE cuí ag gach rang agus ag an té atá i mbun an halla - Is gá d'aon bhall foirne an PPE cuí a chaitheamh agus aire á thabhairt - Is gá lámha a ní roimh agus tar éis Is gá fáil réidh leis an PPE sa chaoi ceart (féach postaeir)
Druil Tine	Ard	baol nach mbeidh na meithle in ann fanacht óna chéile	- Déanfaidh gach rang an druil tine a chleachtadh go haonarach chun go mbeidh a fhios acu céard le déanamh - Aithnítear i gcás práinne (tine) gur tábhachtaí sábháilteacht fhisiciúil gach duine ná an baol COVID agus fágáil an fhoirgnimh faoi lánseoil.
Tacaíocht Foghlama/an fhoireann tacaíochta	Ard	méid na seomraí níos lú ag baint páistí ó mheithle éagsúla	- Beidh an fhoireann tacaíochta ag plé le haisbhaint scoláirí. - Beidh an bord oibre i do sheomra le glanadh síos idir gach grúpa páiste. - Beidh Perspex ar fáil - Beidh na páistí le bailiú ón rang mar is gnáth ach níor cheart don mhúinteoir tacaíochta dul isteach sa rang. Beidh doirsí an ranga ar

			oscailt • Má thógann tú páiste/grúpa ag aon am nach bhfuil mar chuid den ghnáth chlár ama, ba cheart taifead a choinneáil de cén dáta agus cén t-am (arís, le aghaidh lorg-teagmhálaithe). • Tá cúinní an fhearais mhata agus na taisceadáin á bhaint (beidh na taisceadáin sa halla má theastaíonn ó éinne iad seo a úsáid). • Ní bheidh tacaíocht inranga ar siúl i mbliana. • Sna seomraí tacaíochta, ba cheart a chinntiú go bhfuil scartha ón dalta an oiread is gur féidir. • Beidh sosanna céadmhacha fós indéanta le daltaí a bhfuil siad ag teastáil uathu. Ba cheart don CRS/múinteoir atá ag plé leo scaradh sóisialta 1m, ar a laghad, a chinntiú agus más gá bheith níos giorra go bhfuil measc nó visor á chaitheamh agat. Is gá, más measc aon-uaire é, é a bhaint de réir na dtreoirlínte agus fáil reidh leis go cuí. • Níor cheart fearas a roinnt idir dhaltaí. Má tá a leithead de liathróid in úsáid, is ceart don dalta agus don CRS lámha a ní roimh agus tar éis é úsáid agus gan lámha a chur ar
--	--	--	---

			d'aghaidh idir an dá níos lú lámha. Beidh ciarsúir aon-uaire sna seomraí ranga agus ba cheart an fearas a ghlanadh leo roimh agus i ndiaidh é a úsáid. • Toe by Toe – le tabhairt ag múinteoir tacaíochta ar leith
An Cuan		ag bogadh idir an Cuan agus an rang príomhshrutha	• Freastalóidh páistí ón gCuan ar a gcuid ranganna príomhshrutha • Glanfaidh siad a lámha roimh agus tar éis na seisiúin • Nuair a théann siad inranga i ngrúpa beidh siad mar nead leis an gCRS agus fanfaidh siad le chéile mar nead, nuair a théann siad leo féin, beidh siad mar chuid de nead ar leith • Tiocfaidh an bus ag 8.55 agus imeoidh sé ag 2.25 agus daltaí ag dul isteach agus amach as an mbus • Iarrfar ar thuismitheoirí scaradh go sóisialta nuair is féidir • Nuair is féidir, beidh na páistí le scarúint 1 m • Beidh gallúnach láimhe le húsáid
Éadaí Scoile			• Moltar go mbeidh 2 gheansaí scoile agus 2 léine ag na daltaí (is leor na geansaithe glasa ó Tesco/M&S – tá na suaintis ar fáil ón Oifig)

			• Moltar iad a athrú gach dara lá • Is féidir éadaí reatha na scoile a chaitheamh mar chuid den rothlú freisin
Obair Bhaile/Leabhair Scoile/Málaí Scoile			• Ní bheidh obair bhaile scríofa ó na Naí-Rang 4 • Cuirfear leitheoirí abhaile ar bhonn rothlaithe msh tabharfar leabhar dé Luain don Luan agus don Máirt. Tabharfar ar ais é dé Céadaoin agus cuirfear i mbosca iad. Fanfaidh siad sa bhosca sin go dtí an Luan. Tabharfar leabhar eile dé Céadaoin agus fágfar ar ais sa bhosca é dé hAoine agus fágfar ann é go dtí an Luan • Bainfear úsáid as Google classrooms/Seesaw nuair is féidir don obair bhaile • Ní bheidh aon roinnt leabhar idir pháistí. Ba cheart a chinntiú, má théann leabhar abhaile go bhfuil sé ar ais sa mhála an chéad lá agus glanta síos. • Iarrtar ar thuismitheoirí málaí scoile a ghlanadh go seachtainiúil • Cóipleabhair obair bhaile – beidh 2 chóipleabhar obair bhaile ag daltaí. Bainfear úsáid as ceann amháin dé Luain agus dé Máirt. Fágfar sa

			bhosca ar scoil é maidin Chéadaoin agus bainfear úsáid as an gceann eile don Chéadaoin agus Déardaoin.
Boscaí Lóin/Deochanna			Is gá a chinntiú gur féidir le daltaí a gcuid boscaí agus deochanna a oscailt. Ba cheart 2 deoch a bheith ag daoine le laghdú a dhéanamh ar lionadh buidéil. Ba cheart na na boscaí agus buidéil a bheith glanta roimh iad a chur isteach ar scoil
Ball Foirne/dalta atá sa chatagóir riosca ard nó an-ard			- Is gá do bhall foirne nó tuismitheoir/caomhnóir dalta atá i gceachtar den dá chatagóir sin a chur in iúl do bhainistíocht na scoile - Sa chás go bhfuil an fostaí nó an dalta sa chatagóir an-ard, is gá don duine sin fanacht sa bhaile chun cocúnú a dhéanamh. Beidh an páipéarachas cuí le cur ar fáil ag an bhfostaí chuige seo - Más féidir leis an bhfostaí obair ón mbaile, déanfar na socraithe cuí - Ainmneofar ball foirne den rannóg tacaíochta le bheith mar phríomh-theagmhálaí leis an bpáiste má tá sé/sí sa chatagóir riosca an-ard agus cuirfear ar obair agus tacaíocht ar fáil - Is gá don tuismitheoir/caomhnóir an páipearachas cuí a chur ar fáil

			• Má tá an fostaí sa rannóg riosca ard beidh an fostaí sin ag freastal ar an obair, ach amháin má tá socraithe eile déanta i gcomhpháirt le Medmark • Déanfaidh an fostaí plé leis an mbainistíocht maidir le haon leasaithe nó fearas breise atá le cur ar fáil d'fhostaí agus cuirfidh an bhainistíocht sin ar fáil. • Glacfaidh an fostaí páirt san oiliúint ar fad a tá á chur ar fáil, go háirithe i gcomhthéacs sláinte agus riosporáide agus níochán lámh. • Tá an fostaí leis an mbainistíocht a choinneáil ar an eolas maidir le haon athraithe a thagann orthú nó má fheictear dóibh go bhfuil aon leasaithe le déanamh ina áit oibre • Má tá dalta sa rannóg riosca ard, beidh an páiste sin le freastal ar scoil, ach amháin sa chás go bhfuil amhalairt de chomhairle leighis curtha ar fáil. • Is gá don tuismitheoir teagmháil a dhéanamh leis an scoil le riachtanais an pháiste a phlé agus aon leasaithe gur cheart a chur i bhfeidhm a shocrú,
--	--	--	--

Important Note: It should be noted that risk in the context of this risk assessment is a general health and safety risk in relation to the spread of Covid 19.

Relevant advice was referenced using the following sources:

UNICEF

<https://www.unicef.org/media/68366/file/Framework-for-reopening-schools-2020.p>

GOV.IE

<https://dbei.gov.ie/en/Publications/Publication-files/Return-to-Work-Safely-Protocol.pdf>

WHO

<https://www.who.int/emergencies/diseases/novel-coronavirus-2019/technical-guidance/guidance-for-schools-workplaces-institutions>

HIQUA

<https://www.hiqua.ie/reports-and-publications/health-technology-assessment/evidence-summary-spread-covid-19-children>

NSAI

<https://www.nsai.ie/images/uploads/general/NSAI-Guidelines-for-COVID-19-2020-04-09.pdf>

Additional advice when dealing with a suspected case of Covid-19 can be found at

<https://www.nsai.ie/images/uploads/general/NSAI-Guidelines-for-COVID-19-2020-04-09.pdf>

In undertaking this risk assessment, the board of management has endeavoured to identify as far as possible the risks of harm that are relevant to this school and to ensure that adequate procedures are in place to manage all risks identified. While it is not possible to foresee and remove all risk of harm, the school has in place the procedures listed in this risk assessment to manage and reduce risk to the greatest possible extent.

Guidance from The Department of Health will influence this live document as changes in public health recommendations change during the fight against Covid 19.

This risk assessment has been completed by the Board of Management on 22.6.20.

Rinneadh uasdátú ar an measúnú riosca seo ar an 12/8/20

Signed _____ Micheál Mac Mathúna _____ Date ____18/8/20_____

Chairperson, Board of Management

Signed _____ Clodagh Ní Mhaolchiaráin _____ Date ____18/8/20_____

Principal/Secretary to the Board of Management